
# Tacar Uirlisí Matamaitice na Bunscoile

## Machnamh a Dhéanamh ar Fhoghlaim na Matamaitice

Is féidir an tacaíocht seo a úsáid mar uirlis chun machnamh, comhrá agus aiseolas a éascú i ndáil le foghlaim Matamaitice páistí. Tacaíonn sé le múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí chun machnamh a dhéanamh ar na cineálacha eispéireas foghlama atá lárnach do *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*.


## Áirítear ar an tacaíocht trí pháirt...




Déan machnamh agus plé ar na ráitis seo a leanas.

| Nuair a bhíonn an Mhatamaitic á foghlaim agam... | Is fíor sin | Ní go fóill | Nílim cinnte |
|---|---|---|---|
| Bím spraíúil | | | |
| Oibrím le mo chomhscoláirí | | | |
| Glacaim am le machnamh a dhéanamh | | | |
| Cuirim mo chuid smaointe in iúl agus éistim le smaointe daoine eile | | | |
| Cuirim an méid a d'fhoghlaim mé in iúl ar an mbealach is fearr a oireann domsa | | | |
| Bainim triail as mo chuid smaointe, agus déanaim iad a réiteach más gá | | | |
| Úsáidim mo shamhlaíocht agus mo chruthaitheacht | | | |
| Cuirim ceisteanna | | | |
| Déanaim mo chuid smaointeoireachta a áitiú agus a tugaim údar léi | | | |
| Déanaim botúin agus foghlaimím uathu, le tacaíocht ó mo mhúinteoir agus mo chomhscoláirí | | | |
| Déanaim fadhbanna a réiteach ar go leor bealaí éagsúla | | | |
| Úsáidim an méid atá ar eolas agam faoin Matamaitic cheana féin chun cabhrú liom rudaí nua a fhoghlaim | | | |
| Cuirim an méid atá ar eolas agam faoin Matamaitic i bhfeidhm ar bhealaí eile don saol mar atá | | | |

**Samplaí de cheisteanna agus ráitis a spreagann páistí chun machnamh a dhéanamh ar eispéiris foghlama mhatamaiticiúla.**




**Ráitis ina dtugtar tuairisc, i dteanga intuigthe ag páistí, ar réasúnaíocht *Churaclam Matamaitice na Bunscoile*.**

## Tá sé d'aidhm ag gach tacaíocht spreagadh úsáideach a sholáthar i ndáil le:

### Féinmhachnamh

Páistí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim féin sa Mhatamaitic.

### Comhrá idir Comhscoláirí

Plé agus comhroinnt i measc comhscoláirí a chur chun cinn.

### Comhrá idir Páistí agus Múinteoirí

Plé agus aiseolas maidir le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas páistí a éascú.

### Comhrá idir Páistí agus Tuismitheoirí

Cabhrú le páistí labhairt faoina n-eispéiris foghlama ar scoil ar bhealach a oireann do pháistí.

### Comhrá idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí

Treoir a sholáthar maidir le plé ar bhreathnuithe maidir le foghlaim mhatamaiticiúil páistí agus réimsí ina bhféadfaí tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil.

### Féinmhachnamh an Mhúinteora

Múinteoirí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar dheiseanna a sholáthar do pháistí chun dul i ngleic lena gcuid foghlama ar na bealaí a ndearnadh cur síos orthu.

**Beartaítear an tacaíocht seo a bheith mar threoir. Ba cheart teanga agus cur i láthair a chur in oiriúint le go mbeidh siad inrochtana, de réir mar is cuí.**

# Machnamh a Dhéanamh ar Fhoghlaim na Matamaitice

## Roinnt ceisteanna a d’fhéadfadh a bheith cuidiúil dá gcuirfí orm iad maidir leis an méid a d’fhoghlaim mé sa Mhatamaitic



# Machnamh a Dhéanamh ar Fhoghlaim na Matamaitice

Déan machnamh agus plé ar na ráitis seo a leanas.

| Nuair a bhíonn an Mhatamaitic á foghlaim agam... | Is fíor sin | Ní go fóill | Nílim cinnte |
|---|---|---|---|
| Bím spraíúil | | | |
| Oibrím le mo chomhscoláirí | | | |
| Glacaim am le machnamh a dhéanamh | | | |
| Cuirim mo chuid smaointe in iúl agus éistim le smaointe daoine eile | | | |
| Cuirim an méid a d'fhoghlaim mé in iúl ar an mbealach is fearr a oireann domsa | | | |
| Bainim triail as mo chuid smaointe, agus déanaim iad a réiteach más gá | | | |
| Úsáidim mo shamhlaíocht agus mo chruthaitheacht | | | |
| Cuirim ceisteanna | | | |
| Déanaim mo chuid smaointeoireachta a áitiú agus a tugaim údar léi | | | |
| Déanaim botúin agus foghlaimím uathu, le tacaíocht ó mo mhúinteoir agus mo chomhscoláirí | | | |
| Déanaim fadhbanna a réiteach ar go leor bealaí éagsúla | | | |
| Úsáidim an méid atá ar eolas agam faoin Matamaitic cheana féin chun cabhrú liom rudaí nua a fhoghlaim | | | |
| Cuirim an méid atá ar eolas agam faoin Matamaitic i bhfeidhm ar bhealaí eile don saol mar atá | | | |


## Machnamh a Dhéanamh ar Fhoghlaim na Matamaitice

**An raibh a fhios agat?**

Tá gach duine matamaiticiúil

Is féidir le comhoibriú agus roinnt smaointe cuidiú linn chun an Mhatamaitic a fhoghlaim

Cuidíonn an Mhatamaitic linn ciall a bhaint as an saol



Tá an Mhatamaitic spraíúil agus cruthaitheach

Tá an Mhatamaitic i ngach áit agus baineann sí le gach duine